Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2025
(OR. en)

8718/25
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0110 (NLE)**

**AGRI 178**
**AGRIORG 46**
**OIV 4**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 234 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 234 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 234 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.5.2025
COM(2025) 234 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV)**

**IARSCRÍBHINN**

Na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí den Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV), ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, tacóidh siad leis na dréachtrúin seo a leanas ag céim 7 le linn Thionól Ginearálta OIV atá beartaithe don 20 Meitheamh 2025, agus beidh an tacaíocht sin faoi réir aon athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar bhonn forbairtí nua:

– OENO-MICRO 22-713A: Comhaireamh ceall giosta trí chítiméadracht sreafa a úsáid in úrfhíonta fíonchaor agus i bhfíonta;

– OENO-MICRO 22-713B: Comhaireamh ceall giosta ag trí chítiméadracht sreafa a úsáid i saothráin giosta;

– OENO-MICRO 23-739: Bailíochtú prótacail chaighdeánaigh chun meastóireacht a dhéanamh ar airíonna coipthe tréithchineálacha *S. cerevisiae*;

– OENO-TECHNO 14-540B: Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha le haghaidh fíon páirt-dhí-alcólaithe, faoi réir na tuisceana gur cheart an roinn maidir le ‘Milsiú’ agus go háirithe an Sainmhíniú ‘*Milseoirí a chur le fíon dí-alcólaithe*’ a léirmhíniú mar ní atá teoranta do na táirgí a liostaítear in ‘*Oideasú’*;

– OENO-TECHNO 23-730: Teorainn aigéid shorbaigh i bhfíon;

– OENO-TECHNO 23-738: Cóireáil úrfhíonta le haigéad fúmarach le haghaidh rialú micribhitheolaíoch;

– OENO-SPECIF 21-691: Cinneadh na gcóimheas iseatópach (L+) d’aigéad tartarach 13C/12C AGUS 18O/16O trí mhais- speictriméadracht cóimheas iseatóip;

– OENO-SPECIF 21-728: Cóimheasa iseatópacha ciotósáin 13C/12C AGUS 15N/14N a chinneadh trí mhais-speictriméadracht cóimheas iseatóip.

Na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí den Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV), ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, faoi réir aon athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar bhonn forbairtí nua, ní thacóidh siad leis an dréachtrún seo a leanas ag céim 7 le linn Thionól Ginearálta OIV atá beartaithe don 20 Meitheamh 2025:

– OENO-TECHNO 14-540A: Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha le haghaidh fíon dí-alcólaithe.